



Focla Mhicí
▶13

An Crann Óg
▶9

Gradaim
CLG
▶15-16

SAOR
IN AISCE!

Goitse

Saor in Aisce sna trí Pharóistí: NA ROSA • GAOTH DOBHAIR • CLOCH CHEANNFHAOLA goitse.org

Imní fá Oifig Poist ar an Bhun Bheag

Tháinig sé chun solais Dé Céadaoin go bhfuil an baol ann go ndruidfear Oifig an Phoist ar an Bhun Bheag i mí Márta nuair a éiríonn bean an phoist as a post.

Dhearbhaigh An Post, atá i gceannas ar sheirbhísí poist, gur inis bean an phoist daofa go mbeadh sí ag éirí as a post ar 15 Márta.

Mar gheall air sin, tá siad ag iarraidh ar dhuine ar bith a bhfuil suim acu san Oifig a reáchtáil a dhul i dteagmháil leo agus iarratas a chur isteach don fholúntas.

Ach níl sé soiléir ar chor ar bith an mbeidh siad sásta glacadh le hiarratas ar bith, mar tá coinníollacha ag baint leis an úinéir úr.

De réir An Post, beidh siad ag amharc ar cheithre choinníoll

agus iad ag meabhrú ar thodhchaí na hOifige ag an Chroisbhealach ar an Bhun Bheag.

- 1 Riachtanaisí an ghréasáin poist
- 2 An méid gnó a dhéantar san Oifig
- 3 Teach ar sheirbhísí poist in Oifigí eile sa cheantar
- 4 Ábaltacht na nOifigí eile sa cheantar déileáil leis an ghnó dá ndruidfí Oifig an Bhun Bheag.

Bheadh ag iartróirí don phost a gcuid pleananna gnó a chur isteach chuig An Post roimh 14 Feabhra.

Ag labhairt le *Goitse* tráthnóna



Dé Céadaoine, dúirt John Shéamuis Ó Ferraigh, iomaitheoir do Shinn Féin sna toghcháin áitiúla, nár leor seo le deis a thabhairt do dhuine ar bith plean ceart gnó a chur le chéile. D'iarr sé ar an phobal seasamh a ghlacadh in éadan gearradh siar eile ar sheirbhísí áitiúla agus dúirt sé go mbeadh Piaras Ó Dochartaigh TD ag bualadh leis An Post leis an

cheist a phlé.

Ar ndóigh, ní seo an chéad uair gur druideadh seirbhís airgeadais sa cheantar. Le cúpla bliain anuas, druideadh Banc Aontas Éireann agus Banc Náisiúnta na hÉireann ar an bhaile beag agus, nuair a bhí siad ag fógairt druidim an Bhanc Aontais, dúirt siad go mbeadh seirbhísí an bhainc ar fáil in Oifig an Phoist.

Sin ceann de na rudaí atá ag cur inní ar Bhrian Ó Domhnaill, Seanadóir de chuid Fianna Fáil sa cheantar. Dúirt sé go raibh sé i dteagmháil leis An Post agus d'iarr orthu an oifig ar an Bhun Bheag a choinneáil foscailte agus nach mbeadh an pobal sásta le rud ar bith eile.

Dheimhnigh sé go mbeadh sé i dteagmháil leis An Post go leanúnach, le brú a choinneáil orthu.

Dúirt Seán Ó Cuirreáin, iomaitheoir Fine Gael sa toghchán áitiúil, go raibh sé dóchasach go mbeadh Oifig an Phoist ar oscailt arís i ndiaidh an 15 Márta, nuair a imíonn bean an phoist. Dúirt sé gur léirigh fógra An Post go raibh seans ann go fóill ag an oifig ar an Bhun Bheag. Dhearbhaigh sé go raibh deis ag daoine a bhí dífhostaithe sa cheantar an deis a thapú agus go raibh tacaíocht ar fáil daofa le cuidiú leo plean gnó a chur le chéile sa dóigh is go mbeadh deis cheart acu a gcás a chur roimh An Post.

Le sé bhliain anuas, druid eadh oifigí poist i Rann na Feirste, i gCroithlí agus i Mín Lárach agus tá eagla ar na hionadaithe pobail uilig a labhair linn go raibh maolú ag teacht ar na seirbhísí a bhí ar fáil don phobal sa cheantar.

LÁ MÓR NA GAELIGE

DÉ SATHAIRN
15 FEABHRA 2014
@ 2:00
CEARNÓG PARNELL
GAIRDÍN CUIMHNEACHÁIN

SIÚIL AR SON DO CHEARTA

Ar mhaith leat páirt a ghlacadh i Lá Mór na Gaeilge? Cruinniú Poiblí san Acadamh 8i.n. Déardaoin 30 Eanáir

Tús curtha le próiseas phleanáil teangan

Ceanneagraíocht le roghnú in ainneoin easpa cinnteachta faoi mhaoiniú na scéime

Tá tús curtha leis an phróiseas phleanáil teangan sa cheantar seo.

D'fhógair Údarás na Gaeltachta an mhí seo go mbeadh siad ag iarraidh ar eagraíochtaí nó coistí pobail i nGaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir iarrataisí a chur isteach chucu agus go roghnódh siad eagraíocht le dul i mbun oibre ar an scéim phleanála.

Fógrófar an cheanneagraíocht, a bheas i gceannas ar an plean teangan a chur i bhfeidhm ar fud an cheantair i mí Bealtaine.

Beidh suas le dhá bhliain ag an eagraíocht a roghnófar plean chuimsitheach a chur fá bhráid an Údaráis.

Dhearbhaigh urlabhraí don Údarás go raibh an seans ag eagraíochtaí pobail teacht le chéile agus iarratas amháin a chur isteach don cheantar.

Ní fios an sin an rud atá beartaithe ag eagraíocht ar bith anseo ach bhí díospóireacht faoi ar na mallaibh nuair a d'fhógair Foras na Gaeilge a gcuid pleananna le maoiniú a thabhairt do sé cheanneagraíocht agus bheadh ciall leis le limistéar chomh mór leis an cheantar seo.

Níl cinnteacht ar bith ann, áfach, faoi caidé mar a fócfar as an scéim. Níl dabht ar bith ach go mbeadh costaisí suntasacha le scéim chasta mar

seo a chur i bhfeidhm i gceantar mór fairsing ach níl sonraí ar bith ar fáil ar cá has a dtiocfaidh na hacmhainní sin. De réir an Údaráis, níl freagra díreach ar an cheist, ach "bheadh muid ag súil go gcuirfidh acmhainní ar fáil don cheanneagraíocht a roghnófar le tabhairt faoin Phlean Teanga a bheidh le hullmhú sa Limistéar cuí."

Go dtí seo, is iad an ceantar seo, Cois Fharráige i gConamara agus Ciarraí Thiar an trí cheantar atá i gceist le tús a chur leis an Phróiseas Phleanáil Teangan ach beidh sé á chur i bhfeidhm sna ceantracha éagsúla Gaeltachta de réir a chéile.



Des Beaty ball de Chumann Cathaoir Rotha na hÉireann ag baint sult as rang ealaíona in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar.

ROSG

Go n-éirí go geal le
Goitse



stiúideo
cuisle ceoil

STIÚIDEO TAIFEADTA
IONAD NAOMH PÁDRAIG

Seirbhísí Taifeadadh Beo, Eagarthóireacht Fuaime,
Meascadh Digiteach
Seirbhísí breise: Máistriú, priontáil agus dearadh CD,
Lascaíní do mhic léinn,
Pacáistí do scolacha, Ráta san uair.

Cur i gcéill an Phlean Teanga

Le tamall anuas, bhí eagraíochtaí pobail sa taobh seo tíre gnoitheach ag líonadh isteach foirmeacha iarratais don scéim phleanáil teangan.

Chuala achan duine iomrá ar an scéim seo ach déarfainn gur beag duine a thuigeann i gceart caidé atá i gceist léi. Tá sí chomh casta sin go raibh fiachadh ar na daoine atá ag plé leis sna heagraíochtaí pobail cúrsa ar líne a dhéanamh le bheith ábalta an t-iarratas a dhéanamh.

Níl dabht ar bith ann ach go mbeadh sé le leas phobal Gaeltachta ar bith dá mbeadh plean cuimsitheach leagtha amach os a gcomhair le déileáil le fadhbanna na Gaeilge ina gceantar féin. Sin an rud a mhol na saineolaithe a chuir an tuarascáil teangeolaíochta le chéile blianta ó shin nuair a d'fhógair siad go mbeadh an Ghaeltacht marbh taobh istigh de 25 bliain muna raibh an pobal agus na húdaráis sásta dul i ngleic leis na fadhbanna móra teangan thart orthu.

Ba chóir go mbeadh lúcháir orainn, mar sin, go bhfuil foirmeacha iarratais líonta isteach agus go roghnófar eagraíocht áitiúil le maoirseacht a dhéanamh ar phlean teangan don cheantar Gaeltachta seo. Ba chóir go mbeimis ag amharc chun tosaigh ar Ghaeltacht níos láidre, níos muiníní aisti féin, ag fás inár measc amach anseo.

Ach níl, mar níl fiacla ar bith ag an phlean teangan seo. Mar shampla de sin, amharcaimis ar an earnáil oideachais. Tá sé lárnach i bplean teangan go mbeadh polasaí cuimsitheach tomoideachais i

Eagarfhocal

“Nuair a dúirt Seán Ó Cuirreáin linn go raibh an Ghaeilge imeallaithe taobh istigh de chóras riaracháin an stáit, bhí an ceart aige. Agus nuair a lig an rialtas dó éirí as a phost gan cuid ar bith de na ceisteanna a thóg sé a thabhairt fána mbráid, b'ionann sin agus admháil gur theip ar a gcuid polasaithe maidir leis an Ghaeilge.”



bhfeidhm i gceantar Gaeltachta le páistí a spreagadh leis an Ghaeilge a labhairt agus leis an teanga a dhaingniú sa phobal. Ach níl dualgas ar bith ar scoil ar bith cloí le plean ar bith teangan a thiocthaidh isteach i gceantar ar bith nuair atá an próiseas seo críochnaithe.

Mar sin de, beidh eagraíochtaí pobail i ndiaidh foirm a líonadh isteach ag déanamh cur síos ar an ról lárnach a bheas ag an chóras oideachais i saol Gaelach an phobail agus fios acu nach mbeidh siad in ann an gné sin den phlean a chur i gcrích gan deáthoil na bpríomhoidí uilig sa cheantar.

I ndáiríre, ní bheidh ann ach cur i gcéill.

Cur i gcéill. Sin téarma atá iontach coitianta anois i saol polaitiúil na Gaeilge. Dúirt Seán Ó Cuirreáin é nuair a d'fhógair

sé go raibh sé ag éirí as a phost mar Choimisinéir Teangan. Dúirt sé nach raibh i bpolasaí Gaeilge achan rialtais, a bheag ná a mhór, ó bunaíodh an stát ach cur i gcéill, gur chuir siad reachtaíocht fríd an Dáil a dhéanfadh cinnte go mbeadh seirbhísí an stáit ar fáil ag muintir na Gaeltachta ina dteanga féin agus go mbeadh na seirbhísí sin ar fáil do phobal na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht i dteanga oifigiúil an stáit ach gur chuir siad an reachtaíocht chéanna ar an mhéar fhada sa dóigh is nár cuireadh i bhfeidhm mar is ceart riamh í.

Anois, tá an rud céanna ag tarlú, is cosúil, le athbhreithniú Acht na Gaeilge agus le Straitéis Fiche Bliain na Gaeilge. Cé gur gealladh dúinn go raibh an dá phíosa reachtaíochta idir lámha ag an rialtas le

fada an lá, níl tasc ná tuairisc orthu. Tá an chuma air go bhfuil polasaí chur i gcéill an rialtais maidir leis an Ghaeilge buan seasmhach.

D'fhéadfadh duine a rá gur sin an t-aon pholasaí atá ag an rialtas seo, agus ag rialtais eile síos fríd na blianta. Nuair a smaoiníonn tú air, dá mba reachtaíocht rialtais an t-aon rud a raibh tú ag brath air leis an teanga a choinneáil slán, b'iontach an rud é go bhfuil Gaeltacht againn go fóill, nó go bhfuil duine ar bith ag labhairt i nGaeilge.

Cinnte, rinne Údarás na Gaeltachta a ndícheall le comhlachtaí a mhealladh chun na Gaeltachta, ach tá maolú millteanach déanta ar na cúraimí atá air agus tá sé suntasach nár tugadh mórán aird air nuair a d'fhógair Fiontraíocht Éireann an prótacal úr ar na mallaibh.

Nuair a dúirt Seán Ó Cuirreáin linn go raibh an Ghaeilge imeallaithe taobh istigh de chóras riaracháin an stáit, bhí an ceart aige. Agus nuair a lig an rialtas dó éirí as a phost gan cuid ar bith de na ceisteanna a thóg sé a thabhairt fána mbráid, b'ionann sin agus admháil gur theip ar a gcuid polasaithe maidir leis an Ghaeilge.

Anois tá an rialtas ag rá le heagraíochtaí pobail, atá ar bheagán acmhainní cheana féin, go gcaithfidh siad plean teangan a chur i bhfeidhm i measc a bpobal féin nuair atá sé soiléir nach bhfuil plean teangan ag an rialtas féin, nó nach bhfuil an toil pholaitiúil ann leis an plean sin a chur i bhfeidhm ar chor ar bith. ●

Fáiltíonn Goitse roimh litreacha ónár léitheoirí. Is féidir litir atá le foilsiú a sheoladh chuig litir@goitse.org Seol comhfhreagras ar bith eile chuig eolas@goitse.org nó déan teagmháil ag 086 8476862

Siúil ar son do chearta teangan!

Cruinniú poiblí le heagrú i nGaoth Dobhair maidir le Lá Mór na Gaeilge

Bhí cruinniú mór poiblí i Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath, roimh an Nollaig le plé a dhéanamh ar impleachtaí éirí Sheáin Ó Cuirreáin as a phost mar Choimisinéir Teangan.

Mar thoradh ar an chruinniú sin, ina raibh thart fá 250 duine i láthair, socraíodh go mbeadh léirsiú agus mórshuíl fríd lár

Bhaile Átha Cliath Dé Sathairn 15 Feabhra, ag toiseacht ag na Gairdíní Cuimhneacháin i gCearnóg Parnell ag a 2.00in.

Tá an scáth-ghrúpa atá á eagrú ag iarraidh ar dhaoine as achan chuid den tír bailiú le chéile agus taispeáint don rialtas go bhfuil siad míshásta leis an dóigh ina bhfuil na húdaráis ag caitheamh le pobal na Gaeilge.

Chun sin a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach, measann lucht eagraithe an mhórshuíl gur fearr é má bhíonn cruinnithe áitiúla ar fud na tíre le daoine as na ceantracha éagsúla a spreagadh agus le fáil amach caidé an cineál léirsiú a ba chóir a bheith ann.

Mar sin de, beidh cruinniú poiblí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Déardaoin 30 Eanáir ag a 8.00 leis na rudaí seo a phlé.

Tá fáilte roimh achan duine a bhfuil suim acu sa léirsiú agus beidh ionadaí ón Choiste Stiúrtha i láthair ag an chruinniú le eolas a thabhairt ar an fheachtas agus le ceisteanna a fhreagairt.

Córas Gaelach don Ríomhaire

A chara, Léigh mé alt Chonchúir Mhic Giolla Eáin maidir le córas Gaeilge ríomhaireachta i nGoitse na míosa seo caite agus bhí an-suim agam ann. Spreag sé mé chun ríomhaire Gaeilge a chur sa tSean Bheairic. Bhí seanríomhaire ann nach raibh in úsáid agus chuir mé Ubuntu air le leagan Gaeilge. Tá sé ar fáil anois mar chuid den caifé idirlín atá sa tSean Bheairic. Níl sé iomlán i nGaeilge ach tá sé ceart go leor.

Má tá eolas ar bith agat faoin tógra atá ar bun agaibh, seol chugam é, le do thoil. Ba mhaith liom a bheith páirteach ann.

Thig liom an sceál a scaipeadh fosta!

Is mise,
Paddy Mc Hugh,
An tSean Bheairic
An Fál Carrach

Cead tugtha do na Gardaí ábhar a scriosadh

Thug breitheamh cead do na Gardaí ábhar a bhailigh siad ó theach Mhícheál Ó Fearraigh a scrios.

I measc na rudaí ata le scrios, tá ríomhairí, ceamaraí, dlúthdhioscaí, físteipeanna, píopa le drugaí a chaitheamh agus DVDanna a tógadh ó theach Uí Fhearraigh le linn do na Gardaí bheith ag fiosrú an cháis.

Dúirt Patsy Gallagher, dlíodóir Uí Fhearraigh, nach raibh sé ag cur i gcoinne an scrios a dhéanamh ar a chuid trealamh ach amháin i gcás gunna beag a dúirt

sé go raibh stair ag baint leis.


Nuair a cuireadh ceist ar an bhreitheamh Paul Kelly an scriosfaí fillteáin ar bith a bhain leis an chás, insíodh do Frank Dorian, dlíodóir le duine de na híobartaigh go gcoinneofaí ábhar ar bith a íoslódáladh ón treallamh a bhí le scrios in áit shábháilte ag na Gardaí.

Bhí 868 rudaí san iomlán bainte leis an iarratas agus ceadaíodh iad uilig a scrios, ach amháin an gunna beag agus d'iarr sé ar an dlíodóir Gallagher níos mó eolais a fháil dó air sin.

cartún

scadán caoch

Ní dhearna mé ach Gaeilge a labhairt!



CABARET
CRAICEÁILTE
CEOL, DAMHSA AGUS CRAIC!

Rís (... i bhfad as Conamara-ó)
Dora Mí (Conamara)
Gearóid Mac Lochlainn & Caoimhín Mac Giolla Catháin
Rónán Ó Snodaigh (Kíla)
Seán T. Ó Meallaigh agus a phuipéid!
(Buaiteoir an Ghaeilgeoir is Greannmhairs ag Oireachtas 2013)
agus tuilleadh...

25.01.14
Dé Sathairn 9.30in
Tigh Hiúdaí Bhig
GAOTH DOBHAIR

Ag teacht gan mhoill...
Cabaret an 22 Feabhra:
Daimh
Sáinghrúpa ceoil na hAibhne
lena sárcheoltóirí:
Angus MacKenzie
Damian Helliwell
Gabe McVarish
Ross Martin
agus Griogair Labhruidh

ROSG
Seachtain.
Tá Goitse ar fáil ar líne ag www.goitse.org



teach hiúdaí BEAG

Seisiún gach Aoine agus Luan

Ceol gach Satharn

Spórt agus craic sa bheár
gach deireadh seachtaine!



Goitse

ar fud na cruinne

Tá Goitse ar fáil ar líne ag www.goitse.org



Grianghraf: Tommy Curran

Feachtas Bhaile Slachtmhar ag brath ar chomhoibriú an phobail

Bruscar, bruscar achan áit, ach amháin san áit ar choir dó a bheith, ins na malaí bruscair! Chan scéal pobal amháin é, a bheith ag iarraidh gabhail i ngleic le fadhb dumpála agus bruscair fán cheantar. Bhí cruinniú poiblí sa Chrannóg, i nGaoth Dobhair ar an mallaibh ag Feachtas Bhaile Slachtmhar Ghaoth Dobhair, le plé agus scansáil a dhéanamh ar na féidearthachtaí coiste

níos láidre a bhunú ins an phobal le tabhairt faoi chúrsaí chaomhnú agus cothú timpeallachta.

Cé nach raibh an méid sin i láthair ar an oíche, ach mar sin féin, cha raibh maolú ar bith ar spiorad nó ar chomh thiomanta is a bhí a raibh i láthair agus iad ar bís le tabhairt faoi iarrachtaí breise a bpobal a choinneáil níos glaine agus a chosaint ó thaobh cúrsaí bruscar de.

Bhí an cruinniú breá dearfach agus rinneadh cur síos ar na hiarrachtaí leanúnacha ata idir lámh cheanna féin ins an phobal ó thaobh cúrsaí Baile Slachtmhar de. I measc na ngníomhachtaí a luadh bhí, laetha glantacháin eagraithe, galláin agus sconsaí úra curtha in airde aniar bealach na Machaireacha. Tá cathaoir-eacha úra á ndéanamh i láthair na huair le cur ag láithreacha éagsúla aniar an bealach céanna seo fosta. Tugadh le fios gur chóir tabhairt faoi mhúr-mhaisiú úr agus níos tarraingtí a dhéanamh ar bhinn theach Choppins ar bhealach an Screabáin, rud a chuireadh cuma níos glaine ar an áit agus a chuideodh go mór le íomhá níos dearfaí a chothú ins an phobal do bhunadh na

haite agus turasóirí chun na haite i gcoitinne.

Ritheadh rún le linn an chruinnithe fosta, go n-eagrófaí seachtain mhór glantacháin ó cheann ceann na paróiste ag tús mhí na bhFaoilligh agus go mbeadh a leithéid ar siúl ar bhonn céimiúil as seo amach. Is deis fíor thábhachtach a leithéid do bunadh na háite tarraingt le chéile, spiorad na meithle a léiriú agus tabhairt faoin ghlanadh. Beidh údarais agus pobal Scoil Mhuire sna Doirí Beaga breá sásta agus toilteanach, lámh chuidithe a thabhairt leis an lá glantacháin a bheas ar siúl.

Ardaíodh ceist maidir le Comhairle Condathé Dhún na nGall agus na freagrachtaí atá ar an chomhairle o thaobh cúrsaí

glantacháin de. Cé go n-aithníonn daoine go bhfuil brú mhór ar sheirbhísí na Comhairle Condae, is léiriú fiúntach an cruinniú seo agus an méid a d'eascair uaidh, go bhfuil pobail sásta comhoibriú leo, ar mhaithe le feabhas a chuir ar áiseanna nádúrtha an cheantair. Tugadh le fios le linn an chruinnithe fosta go bhfuil géarghá go dtabharfaidh an Comhairle Condae faoi comharthaíocht, cosc iomlán ar bhruscar srl atá níos feiceálaí a chrochadh ag pointí aitheanta ins an cheantar le tacú leis an ghrúpa oibre seo ina gcuid iarrachtaí pobal Ghaoth Dobhair a choinneáil níos glaine agus an timpeallacht ghalánta ata thart orainn a chosaint is a chaomhnú mar is ceart agus is cóir dúinn é.



Tháinig Theresa Eoin Ellen Uí Chuirreáin as an Choitín ar an bhuidéal seo le litir istigh ann ar an trá. Fuair sí é nuair a bhí sí á glanadh. Fear as Corcaigh a chaith an buidéal amach ar an fharráige sna 90idí!

Grianghraf: Tommy Curran

Ceannaire agus ceannródaí ar lár

Fuair Máire Uí Ghógáin, Iar Uachtarán ar Chomhaltas Uladh agus Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge bás i mBaile Átha Cliath le goirid. Ceannaire agus ceannródaí stuama a bhí i Máire a chuir suim mhór i saol na Gaeilge agus na Gaeltachta i rith a saoil. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Éigse Oiriaila a bhíodh ar siúl i nDún Dealgan agus sa cheantair maguaird.

Ba mhnic í féin agus a fear céile Liam anseo i nGaeltacht

Dhún na nGall go háirid ag Éigse Uladh, an tOireachtas agus féilte dá leithéid i nGaoth Dobhair agus in íochtar na Rosann. Bhí sí ina ball de Chomhairle Raidió na Gaeltachta ó 1983-86.

Fuair a fear céile Liam bás roinnt blianta ó shin.

Fágann sí mac amháin, cúigear iníonacha agus garpháistí ina diaidh.

Leaba i measc na nGael ar neamh go raibh aici.



Máire Uí Ghógáin, a bhí ina Uachtarán ar Chomhaltas Uladh nuair a tógadh an grianghraf seo ag Fáiltiú Oireachtas na Gaeilge 1980 in Óstán Radharc an Eargail i nGaoth Dobhair.

Baol báite Ghorlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh



le Brian Mac Rabhartaigh

Le linn na stoirmeacha fíochmhara a shéid ag tús na bliana úire agus na halpáin fhiáine farraigí a bhí ag briseadh go tréan fá chóstaí na tíre, cha dtáinig ceantar na céadh i Machaire Rabhartaigh saor ó chumhacht na farraige. Buail-eadh go leor de caitheamh na farraige aníos ar chladach agus ar chéidh an bhaile, rud a d'fhág go raibh ar fhoireann oibre na Comhairle Contae, tabhairt faoin ghlanadh agus cóiriú nuair a shocair an aimsir arís.

I rith na droch-aimsire agus le linn dó a bheith ina bharrlán, bhí Ghorlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh, atá lonnaithe siar ó bharr na céadh agus na haonaid fiontraíochta atá faoi dhíon ann, go mór faoi chontúirt ag cumhacht na farraige móire. Bhí an Ghorlann Gnó ar snámh i n-uiscí fhiáine an Atlantaigh agus lorg na

mara le feiceáil go soiléir thart fá dtaobh de, le idir bodóga mara agus clocha duirlinge aníos ar thalamh tirim ann, fiú chomh fada le carrchlós agus thart fá thóin na Gorlainne féin. Is cinnte gur ábhar buartha é seo do bhaill Údarás na Gaeltachta, má tá siad fiú ar an eolas ar chor ar bith fá dtaobh de, sé sin, go bhfuil an fharraige ábalta theacht aníos thart ar fhoirgneamh, atá mar pháirt lánach agus luachmhar de shealúchas maoinne an Údaráis, cionn is nach bhfuil cosaint de shórt ar bith ann in éadan bhrú na farraige.

Ar ndóighe, ardaíonn an méid seo roinnt ceisteanna tromchúiseacha, maidir leis an phróiseas comhairliúcháin, deartha agus pleanála a tugadh faoi i bhforbairt na Gorlainne Gnó, ach go hairithe i dtaobh, caide mar a ceadaíodh tabhairt faoi a leithéid de fhorbairt ar imeall na mara? Forbairt a chosain níos mó ná €1.1 milliún agus gan cosaint nó bacainn tuilte de shórt ar bith a bheith curtha in áit i dtús báire?

Tá lorg láidir na comhpháirtíochta le feiceáil ar fhorbairt an



Gorlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh. Grianghraf: D. Ó Baoill

“Tá sé fíor-thábhachtach go gcuirfidh Údarás na Gaeltachta borradh úr faoina gcuid iarrachtaí le comhlachtaí nó tionónta a mhealladh le lonnú i nGorlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh agus deiseanna fostaíochta a chruthú sa cheantair”.

foirgnimh seo, ós rud é go raibh Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Chondae Dhún na nGall ag obair as láimh a chéile, leis an leathnúchan is úire ar an fhoirgnimh gnó a mhaoiniú agus a chríochnódh, rud a d'fhág go bhfuil Ionad breá Comhtháite Forbartha Bia agus Spás Górlainne ar an láthair anois. Is cinnte gur infrastruchtúr fíor-thábhachtach de chuid an cheantair agus an Údaráis an foirgnimh seo, ach faraor, níltear

ag baint iomlán úsáide as. Bíonn an Ghorlann Gnó ina luí beagnach folamh an chuid is mó den bhliain, taobh amuigh de Chaife a bheith ar oscailt ann ar feadh cúpla seachtain le linn séasúr an tsamhraidh agus spás beag oifige a bheith ar cíos ann le úinéirí bhád farantóireachta Thoraí.

Tá sé fíor-thábhachtach go gcuirfidh Údarás na Gaeltachta borradh úr faoina gcuid iarrachtaí le comhlachtaí nó

tionónta a mhealladh le lonnú i nGorlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh agus deiseanna fostaíochta a chruthú sa cheantair, rud a chinnteodh go mbeidh an Ghorlann Gnó féin á úsáid mar is ceart agus is cóir agus mar a bhítear ag súil leis an chéad lá riamh. An bhfuil an saineolas, an ábaltacht, an bheogacht nó fiú an suim ag Údarás na Gaeltachta, ar a dtiteann cúraimí na Górlainne Gnó seo orthu, tabhairt faoina leithéid? Beidh le feiceáil. Is cinnte go bhfuil géarghá lena leithéid, lena chinntiú nach taibhse gan tairbhe é níos mó Górlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh. Más rud é go bhfuil Údarás na Gaeltachta lán dáríre, i dtaca le aghaidh a thabhairt ar a leithéid de obair agus anáil úr a shéideadh ins an fhoirgneamh seo ag tús an bliana úire, tréaslaímíd leo, ach bíodh a fhios acu an méid seo, go bhfuil géarghá acu ar dtús báire, tabhairt faoi obair fhiúntach cosanta, os rud é go dtiocfaidh mórtas farraige arís le linn stoirmeacha an gheimhridh, nó fiú le rabhartaí arda na bliana agus an fhéidireacht ann nach dtiocfaidh an foirgneamh slán. Caithfear tabhairt faoi cosc tonn a fhorbairt ó chúl na céadh siar, idir farraige agus foirgnimh, rud a chinnteodh nach mbeidh níos mó baol dochar nó damáiste a bheith déanta nuair a éireoidh roisteacha farraige móire amuigh ar an doimhneacht agus níos tábhachtaí, nach mbeidh Górlann Ghnó Mhachaire Rabhartaigh i gcontúirt báite no fiú báis.

DON ÓIGE:

● **Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge** á eagrú ag Club Óige Rann na Feirste ón 6-9 Márta in Áislann Rann na Feirste. Clár le fógairt go luath. Eolas ó Chlub Óige Rann na Feirste, 086 4528475

● **Comórtas Abair Amach** ar an 8 Márta in Áislann Rann na Feirste. Do naíonraí, naíonáin, bunranganna 1&2, 3&4, 5&6, agus meánranganna ón 1bhliain go hidirbhliain. Iarratais roimh 20 Feabhra. Eolas ó Club Óige Rann na Feirste, 086 4528475

● **Comórtas ealaíon** do Scoileana Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir á eagrú ag Deireadh Seachtaine na Gaeilge i mí Márta. An téama: Mo cheantar féin. Ní thig le focail Bhéarla a bheith ar an phictiúir. Ní thig leis a bheith níos mó ná A3. Iarratais istigh roimh an 20 Feabhra. Eolas ó Chlub Óige Rann na Feirste, 086 4528475

● **Club Óige Mór Dhobhair** in Ionad Naomh Pádraig achan Aoine 6-8 i.n. (Tá an club beag lán faoi láthair.) Eolas: www.ionadnp.ie; 074 95 32949



SIAMSAÍOCHT:

● **Ceolchoirm le Clann Mhic Ruairí** as Rann na Feirste, ag seinm sa tSean Bheairic, An Fhál Carrach, Dé hAoine 21 Feabhra. Tuilleadh eolais: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 074 9180655

● **Bingo Dhobhair** ar siúl in Ionad Naomh Pádraig Dé Satharn 1ú Feabhra @ 8.30 i.n. Beidh bus ar an bhealach mar is gnáth.

RANGANNA:

● **Ranganna Damhsa dhá-lámh** ar siúl gach oíche Luan, 8in-10in. Bíonn scaifte maith ag na ranganna agus bíonn spórt ar

dóigh ann. Fáilte roimh baill úra. Tá na ranganna foirstineach do gach leibhéal. €5 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.

● **Ranganna ealaíona** ar siúl gach Déardaoin, 7in-10in, leis an ealaíontóir Joe Mc Clafferty, ag teagasc ola, uiscédhath, aicríleach agus tarraingt. Costas €10 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.

● **Ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós** do pháistí, le Patricia Nic Ruairí. Beidh ranganna ar siúl ar an Satharn, 1ú Feabhra agus an Satharn, 15ú Feabhra, 11.30rn - 1.30in. Costas €3 an rang. Eolas: www.antseanbheairic.com nó scairt ar 0749180655.

● **Ranganna Ciorcáid** maidin Luan agus Déardaoin 7-8am. Corp-acmhainn fá choinne achan leibhéal. €5. Bíodh mata agus uisce leat. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.antseanbheairic.com nó cuir scairt ar 074 9180655.

● **Ranganna 'Spin Bikes'** in Ionad Naomh Pádraig le Jordanna & Leona, tráthnóna Dé Céadaoin @ 8 i.n. agus maidin Dé hAoine @ 9 r.n.

● **Cúrsaí Oiliúna Safepass, Rang ECDL** agus Cúrsa ar Scileanna Agallamh & CV á chur le chéile do dhaoine dífhostaithe. Ag toiseacht in Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, gan mhoill. Cuir scairt ar an Ionad le clarú. Eolas: www.ionadnp.ie; 074 95 32949

CRUINNITHE:

● Text Alert Pobail

Tá Ionad Naomh Pádraig, Dobhar, ag obair ar Text Alert i gcomhar leis na Gardaí i gceantar Ghaoth Dobhair. Tugtar cuireadh d'ionadaí ó choistí áitiúla a bhfuil suim acu bheith páirteach ann a bheith i láthair ag cruinniú Dé Máirt 28 Eanáir ag 6.00 i.n. le breis eolais a fháil. Eolas: www.ionadnp.ie; 074 95 32949


● Lá Mór na Gaeilge

Beidh cruinniú poiblí in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Déardaoin 30 Eanáir ag a 8in maidir le léirsiú Lá Mór na Gaeilge a bheas i mBaile Átha Cliath ar an Satharn 15 Feabhra. Tá fáilte roimh achan duine a bhfuil suim acu sa léirsiú agus beidh ionadaí ón Choiste Stiúrtha i láthair le eolas a thabhairt ar an fheachtas agus le ceisteanna a fhreagairt.

Seán (John Ghráinne) Ó Duibheannaigh 1920-2013

Nuair a d'imigh John Ghráinne nó John Phadaí Hiúdaí mar a thugann muintir Rann na Feirste air chun na síoraíochta go gearr roimh an Nollaig, chaill pobal na Gaeilge seanchaí agus amhránaí a raibh aithne leitheadach air, ní amháin ar fud Chúige Uladh ach ar fud na hÉireann. Nárbh iomaí Ollamh Ollscoile nó múinteoir scoile nó buachaill nó cailín a bhí ag déanamh céim ollscoile a thug cuairt air i Rann na Feirste agus roinn sé leo go fial fáiltiúil an chuid ab fharr de sheanchas, de bhéaloideas agus de chanúint dhúchasach Rann na Feirste.

Bhí aithne agam ar John Phadaí Hiúdaí ó laetha glórmhara na h-óige nuair a bhí mé ar Choláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn agus le linn saoire, ba ghnách le John muid a thabhairt lena ghluasteán chuig damhsaí go Doirí Beaga, Dún Lúiche, An Fhál Carrach, An Chraoslach agus mórán áiteacha eile. Ag an am sin, bhíodh muintir na Coláiste ag stopadh i dtigh a mhuintire, i dtigh Phadaí Hiúdaí agus ba ansin a bhí Seán Ó Baoighill agus Jerry Hicks ag stopadh agus ar chuala siad mórán d'amhráin dúchasacha Rann na Feirste. Ba ón am sin a chuir Seán Ó Baoighill, Aodh Ó Duibheannaigh agus Réamann Ó Frighil an leabhar *Cnuasacht de Cheoltaí Uladh* le chéile, leabhar a bhfuil ráchairt ar dóigh air go dtí an lá inniu. Bhuail John le mórán de bhunadh Chomhaltas Uladh an ama sin. Chomh maith leis an cheol, bhí an-suim aige sna rincí Gaelacha. Bhí Séamas Ó Mealláin as Béal Feirste, an múinteoir rince a bhí i gColáiste Bhríde, ina chónaí i dtigh Phadaí Hiúdaí agus ba mhínic John ag céilithe sa Choláiste chomh maith le bheith ag céilithe i dteach a chomharsa béal dorais. Ansin bhíodh bean an tigh, Bidí Bhriainidh Mhuiris ag seinm ar an fhidil agus mac a dearthár, Bernard Ó Grianna, ag seinm go siamsach ar an accordion. Níor mheas John go mbeadh sé féin ag obair sa choláiste chéanna mar mhúinteoir rince, seanchais agus teanga ar feadh tréimhse dhaichead bliain ina dhiaidh sin. Ba sin tréimhse a raibh sé iontach sásta leis, mar a deir sé féin i leabhar Sheáin Mhic Labhraí –



Seanchaí agus amhránaí imithe chun na síoraíochta

An áit a n-ólann an t-uan an bainne. Bhí sé i gcuideachta na seanchaithe móra, Seán Bán Mac Grianna, Míic Sheáin Néill Ó Baoighill, Neidí Franc Mac Grianna agus Joe Johnny Shéimísín Ó Domhnaill, foireann mhór múinteoirí den scoth ag am go raibh thart fá 600 páiste ag freastal ar an choláiste agus spiorad iontach san áit. Tá mórán de chanúint Rann na Feirste sa leabhar dheireanach *Dea-Chaint John Ghráinne* ar chuir Tom Hodgins eagar air agus a d'fhoilsigh Coiscéim.

Ar an Lagán

Fear cothrom tire a bhí i John a chuaigh chun an Lagáin i 1936, mar a chuaigh mórán dá chineál ina óige. Má chuaigh féin, fuair sé ar aghaidh níos fearr ná a fuair mórán eile. Ní raibh air oibriú ó dhubh go dubh, bhí scoth an bhia i dtigh Mhic Con Midhe i nGoirtín mar a d'aithris sé domh sa leabhar *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* agus a bhfuil cur síos air fosta i leabhar Sheáin Mhic Labhraí. Bhí John spraoimhar

aigeantach agus féith an ghrinn i gcónaí ann, rud a chuidigh leis, mheasfainn, fáil ar aghaidh go maith le bunadh Thír Eoghain an áit a raibh aint féin, Nellie Ó ina cónaí gar do Ghoirtín.

Nuair a bhí a sheal déanta aige ar an Lagán chuaigh sé an bhliain dar gcionn lena athair go hAlbain. Obair chruaidh a bhí ann ar fud na hAlban agus am ragairneach go leor ar uairibh ó bheith ag ól le Padaí Phádraig i Carawath sna Lothians go bheith ag draenáil agus ag tógáil aerodrome in oileán Tír Eadha na hAlban in aice Oban le Cathal Ó Dochartaigh as Rann na Feirste. Ar an oileán seo, bhuail sé le cainteoirí dúchais na hAlban, dream a chur an-fháilte roimhe. Bhí sé ar ais ansin i nGlaschú, an áit a raibh sé ag obair le uncail de mo chuid Dóinidh Tharlaigh thart an baile ar monarcha tobac.

Seal ansin i mBaile Átha Cliath dó, an áit a raibh sé ag obair ar leoraí bainne agus ar ghnách linn beirt cuairt a thabhairt ar Sheámas Ó Gráinne "Máire" agus Síle Bean Mhic

Ionraic as Rann na Feirste. Ar ais go hAlbain sna caogaidí agus ansin a pósadh é i nGrianaig ar Ghracie Neidí Mhicí, cailín caoin ó theaghlach ceolmhar agus ar rugadh cuid don teaghlach ansin. Ba i nGaeilge a tógadh an teaghlach ón tús agus tá a shliocht orthu i gcur chun cinn na Gaeilge ó shin.

Rann na Feirste

Cibe ar bith ní raibh toil ag John a theaghlach a thógáil in Albain agus tháinig sé chun na bhaile i dtús na seascaidí agus fuair sé teach agus naoi n-acra déag talaimh i Mí na Leice. Mar a rinne sé in Albain d'oibir sé go cruaidh ansin agus i 1963 bhog sé go Rann na Feirste agus nuair a fuair sé post i gColáiste Bhríde ó Phádraig Mac Con Mí, Uachtarán na Coláiste. Chomh maith thóg sé a chlann seachtar cailín. Fuair níon amháin, Eilín, bás go tragóideach i dtuaisme gluasteáin agus cé gur bhuille cruaidh a bhí ansin lean John a bheith gníomhach i gcúrsaí an bhaile agus bhí sé ar an choiste troda a bhí ag Rann na Feirste

John Ghráinne Ó Duibheannaigh le Corn Mhic Uidhir, 2012.

leis an Scoil Náisiúnta a fhoscladh arís i 1972. Is mór an moladh atá tuillte ag an choiste sin ar fad nó ach go bé gur troideadh an cath sin ní bheadh scoil mhaith i Rann na Feirste anois a bhfuil suas le ceithre scór ag freastal ann. Éacht mhór a bhí ann agus scoltacha beag á ndruid ar fud an iarthair. Chuidigh Gael-Linn leis an fheachtas sin agus rinneadh taifead do ealantóirí Rann na Feirste do cheirnín a chuir Gael linn ar an mhargadh mar thacaíocht don Scoil Náisiúnta. Rinne Gael-Linn dlúthdhiosca *Rann na Feirste Ceol & Amhráin* den cheirnín seo i 1972 agus tá John Phadaí Hiúdaí ag canadh *Rachaidh mé a scileadh amárach* ar an dlúthdhiosca. Tá sé chomh maith ar an dlúthdhiosca *Ceol Cheann Dubhrann 2006* ag canadh an amhráin álainn sin *Níon an Bhaoghilligh*.

Seanchais is amhráin

Crothnóidh muid uilig go mór John Phadaí Hiúdaí nó am ar bith dá dteachaidh mé isteach chuige chuir sé anam agus spriollamh ionam. Ba bhreá linn trácht ar laetha na hóige agus ba bhreá an chuimhne a bhí aige ar an am sin, féith an ghrinn ag cur leis an eolas iontach ar ghineamhlacha mhuintir an bhaile. Ba mhór a chuidiú domh agus muid ag scrúdú lámhscríbhinní deacaire do shean amhráin ón díle don leabhar amhráin Hiúdaí Fheilimí agus Laoithe Fiannaíochta as Rann na Feirste. Éireannach go smior a bhí ann a sheas do chúis tíre agus teanga go deireadh.

Thug an tAthair Pádraig Ó Baoighill S.P. Gaoth Dobhair aitheasc ghradamach ag an uaigh agus ar na sagairt eile a bhí páirteach in Aifreann an tórraimh, bhí An tAthair Mícheál Ó hOireachtaigh S.P. Anagaire, An tAthair John, An tAthair Brian Ó Fearraigh agus an tAthair Seán Ó Gallchóir S.P. Ghort a' Choirce.

Ghnímid fíorchomhbhrón lena theaghlach go léir – Mairéad, Gráinne, Síle, Méabh, Máire, Róisín, a gcuid fear céile, an garchlann, a dheirfiúr Madgie agus a fear céile Tim agus a gclann i Londain, Eibhlín, bean chéile Briainidh agus a clann, Doire na Mainséar agus Liam De Barra, fear céile Mhaggie Phadaí Hiúdaí agus a chlann, Gaoth Dobhair.

–Pádraig Ó Baoighill

Clár speisialta i gcúimhne ar John Ghráinne le craoladh ar Raidió na Gaeltachta

Craolfar eagrán speisialta den chlár *Blas* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta Dé Domhnaigh seo chugainn ag 10.30 rn i gcúimhne agus in ómós don sean-

chaí John Ghráinne Ó Duibheannaigh. San eagrán speisialta seo, caith-eann Fearghal Mag Uiginn súil ar shaol agus oidhreacht an tseanchaí

aitheanta John Ghráinne.

Chomh maith le cuntas pearsanta ó chlann John ar an fhear féin, déan-faidh Fearghal agus aionna cur síos ar

an tseanchaí agus an mhúinteoir agus an saibhreas teangan a d'fhág sé ag glúnta d'fhoghlaimoirí Gaeilge le linn a shaoil.





An Gliomach (*Homarus gammarus*) a d'éalaigh ó phota Phóil!

Is fánach an áit a bhfaighfeá gliomach

'Sandy Claws' an mana cliste margaíochta a bhí ag Lidl anois lena fhógairt go bhfuil gliomaigh agus achán chineál eile de bhia na farraige ar díol acu do shéasúr na Nollag. Tá dúil millteanach mór agam snagliomaigh agus i mbia na farraige, go háirithe má bhíonn sé le fáil saor in aisce san fharráige mhór thart orainne. Bheirimse *sármhargadh* sarmhargadh.com mar leasainm grinn ar an fharráige mhór. Is iad atá blasta don ghoile ghéar agus níl scil ná samhlaíocht de dhíobháil le gliomaigh a bhruith agus a chur amach ar an mhias.

Dá réir sin, creid uaim é go raibh lúcháir an tsoil orm nuair a d'éirigh liom, sa deireadh thiar thall, trí ghliomach a mhealladh isteach sa phota chéanna in aon seal amháin istigh ar Ghabhla i dtús an tsamhraidh. Ádh dearg an fhoghlaimora. Rinne mé físeán beag den bhomaite draíochta sin agus mé i mo shuí ar an kayak. Lig mé fiche liú áthais amach asam mar a dhéanfadh leanbh ar maidin Lá Nollag.

I ndiaidh doras an phota a oscailt, ba léir domh go raibh siad ag troid le chéile siocair go raibh crúbóg amháin ar iarraidh ar cheann amháin den triúr. An gliomach sin ar leathchrúbóg, chuir mé ar bharr an phota é go mbeinn in ann grianghraf a ghlacadh de. Chomh gasta in Éirinn agus ab' fhéidir leis, bhain sé croitheadh mór tobann as a ruball agus léim sé isteach san uisce arís. Bhí eagla orm mo lámh a chur isteach san uisce ina dhiaidh ar eagla gur mise a bheadh fágtha ar leathchrúbóg. Scaoil mé an dara gliomach saor siocair go raibh sé ró-bheag le tabhairt isteach agus le hithe. Ach bhruith mé an gliomach a bhí fágtha sa sorn beag campála Trangia s'agamsa chomh maith le cúpla crúbóg portán agus chroith mé piobar dubh, dornán de lus an choire agus sú leathlíomóide isteach ar an fheoil bhruite. Ba bhlasta an



Pól Ó Muireasáin

suipéar a d'ith mé an oíche sin faoi na lampaí úra ar Ché Phort a' Chruinn, Gabhla.

Faraor géar, is iomaí pota folamh fosta a bhain mé amach as an tsáile ach sin mar chuid den tseilg bia farraige. Níl sin le sárú mar phléisiúr beag achán uair a théann tú amach a thógáil na bpotáí agus tú ag dréim go díograiseach le go mbeidh an duais mhór de bhia na farraige istigh agat. Má tá a dhath ann, tá fónamh déanta.

Tugann sé pléisiúr as cuimse domh an t-ainmhí galánta gleoite mara seo a thabhairt amach as an phota agus é a choinneáil i mo lámh ar feadh tamaill agus amharc ar a áilleacht. Nímse iontas den dath dúghorm atá orthu agus den ruball fean mar a osclaíonn na codanna uilig go léir amach, an dá chrúbóg nó an dá phionsúr mhóra, gearrthóir agus brúiteoir agus na haintéiní dearga ag gobadh amach as an chloigeann. Rinne mé físeán de ghliomach beag an samhradh seo a chuaigh thart agus é sa phota stórála faoin uisce i bPort a' Chruinn. Ba deas an rud é amharc air ag siúl thart go seolta agus na snámhacháin ar crith i rith an ama. Bhain sé croitheadh láidir as a ruball cúpla uair leis an fheamainn a bhí ag cur as dó a bhogadh amach as a chosán.

Más maith leat tuilleadh grianghrafanna nó físeáin bheaga a fheiceáil fá mo chuid iarrachtaí le bia na farraige a thabhairt isteach istigh ar Ghabhla agus in Inis Eoghain, déan cairdeas liom ar Facebook. polom1@hotmail.com; www.facebook.com/pol.muireasain.

Pacáiste úr turasóireachta Rock agus Roam le seoladh

Bhunaigh Moira Ní Ghallachóir an comhlucht turasóireachta mng i nGaoth Dobhair in 2013. Tá manna iontach simplí ag comhlacht Mhoira: "Tar agus bain sult as áiseanna nádúrtha an cheantair álainn seo, tríd a bheith amuigh faoin aer, agus faigh ar maos sa Ghaeilge agus cultúr Ghaeltacht Thír Chonaill". Trí bheith ag obair le seirbhísí áitiúla atá gníomhach i dtionscail na turasóireachta, cuireann mng pacáistí faoi leith ar fáil do thurasóirí, a thugann deis dóibh siúd ar mian leo blas de Ghaeltacht Dhún na nGall a fháil, trí imeachtaí spreagúla treoraithe ag cainteoirí dúchasacha Gaeilge.

Tá cuid mhór cainte faoi láthair faoi An Bealach Fiáin Atlantach, a bhfuil tús le cur leis i mbliana. Seo bealach tiomána 2500 km ó Inis Eoghain go Ceann tSáile. Ag comhdháil Thurasóireacht Éireann i mí na Nollag dúradh gurb é seo "an slí bothair cósta is fiáine agus is tarraingtí ar Domhan."

Is mór an gar dúinne ins na trí pharóistí seo go bhfuil seo go bhfuil turasóirí á ndírú chuig bailte beaga ar chósta iarthar na hÉireann.

Sé *Rock agus Roam* an chéad togra do chuid mng, le blaiseadh a thabhairt do thurasóirí ar ghníomhaíochtaí faoin aer nasctha le cultúr an cheantair.

Is féidir na gníomhaíochtaí



Moira Ní Ghallachóir

uilig a dhéanamh sa cheantar seo (seoltóireacht, cnochadóireacht, dreapadóireacht creag, srl) agus iad chomh maith anseo is atá san Eoraip agus níos faide ar shiúl.

Pacáiste iomlán atá á thairiscint ag Rock agus Roam; idir lóistín, eitiltí, bia srl, chomh maith le himeachtaí eachtraí-

ochta faoin aer. Tá siad uilig dírithe ar dhaoine ar mhaith leo blas de Gaeltachta Dhún na nGall a fháil.

Ag deireadh mí an Mhárta beidh deireadh seachtaine speisialta á eagrú ag Rock agus Roam, le seoladh a dhéanamh ar an hacmhainní atá ar fáil sa cheantar maidir le himeachtaí amuigh faoin aer.

Beidh deis ag na tithe loistín an mhargaíocht a dhéanamh ar na himeachtaí iad féin, le nasc ar shuíomh idirlín nó ins na meáin sóisialta.

Ba mhaith le mng cuireadh a thabhairt do achán nduine a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh in imeachtaí dheireadh na seachtaine, theacht amach agus sult a bhaint as.

Thig dul i dteagmháil le mng ins An Chrannóg nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig moira@mng.ie nó glaoch ar Mhoira ag 083 123 0529.



Clann Mhic Ruairí sa tSeanbheairic

Beidh Clann Mhic Ruairí, as Rann na Feirste, ag seinm sa tSean Bheairic, ar an Fhál Carrach, Dé hAoine 21 Feabhra. Is iad na deartháireacha Tony, Aodh, Dónall agus Seán, chomh maith le hiníon Tony, Megan atá sa ghrúpa cheolmhar seo.

Tá cliú ar Chlann Mhic Ruairí fríd an tír agus níos faide i gcéin as feabhas a gcuid ceoil. Tá oíche ar dóigh geallta.

Tuilleadh eolais ar fáil ó antseanbheairic.com nó is féidir scairt a chur ar 074 9180655



An Crann Óg ag síneadh a géaga

Bhí an bhliain 2013 breá gnóthach don Chrann Óg. Bhí siad páirteach i Scoil Gheimhridh Frankie Kennedy ag tús na bliana agus chuir siad taispeántas breá ar siúl mar pháirt de Ghradam Francie Mooney. Ag tús Mí Feabhra bhí ceolchoirm acu i nDún Lúiche áit ar chuidigh siad airgead a chruinniú do Chuan Mhuire. Bhí siad páirteach fosta i gceiliúradh 50 bliain Teach Hiúdaí Beag agus d'éirigh le bailéad grúpa dá gcuid Corn Uladh a thabhairt leo i Scór na nÓg.

Idir sin agus lár an tSamhraidh bhí ceolchoirmeacha acu sa tSean Bheairic ar An Fhálcharrach agus thug a gcuid taistil iad ó Mhálainn in Inis Eoghain go Ceatharlach i gCúige Laighean. I lár Mí Iúil chuaigh siad go hInis Oírr i nGaillimh áit a raibh ceolchoirm acu in Áras Éanna.

Mar is gnáth sa bhaile, rinne siad freastail ar na féilte uilig ó Dhún Lúiche agus Cnoc Fola go hAilt a' Chorráin agus Féile Mháire An Chlocháin Leith. Ag cur deireadh le séasúr na bhféilte agus tús breá bríomhar le Loinneog Lúnasa, bhí ceolchoirm acu in éineacht le

hAoife Ní Fhearraigh Tigh Mhicí i nDoirí Beaga. Ansin rinne siad a mbealach go Doire Cholmcille agus Fleadh Cheoil na hÉireann agus ar an oíche dheireanach bhí sé mar onóir acu a bheith mar pháirt den Fleadh Live ar TG4.

Ina dhiaidh sin, ag deireadh Mí Lúnasa, thug An Crann Óg aghaidh ar An Ghearmáin. Seo an dúshlán a ba mhó a bhí rompu go fóill ach ní raibh feidhm ar bith buaireamh nó inní a bheith ar an ghrúpa óg seo. Bhí ocht gceolchoirm acu taobh istigh den seacht lá a chaith siad i gceantar Hessen sa Ghearmáin. Cuireadh fearadh na fáilte rompu i Wetzlar, Marburg, Wissmar, Hohenahr-Hohensolms, Giessen agus Caisleán álainn Braunfels agus thaispeán a gcairde úra sa Ghearmáin meas agus léirthuisicint don cheol traidisiúnta agus a dóigh a chuir An Crann Óg an ceol seo i láthair.

Le linn an turais luaigh Emma go raibh Gormlaith ag seinm consairtín as An Ghearmáin. Chuaigh an scéal seo fhad le Jurgen Suttner, déantóir an chonsairtín, agus thaistil sé go Giessen chuig an ceolchoirm dheireanach. Chuir sé é féin in



aithne don ghrúpa roimh ré agus is cinnte nach raibh córas fuaime leictreach ar bith de dhíth ar na huirlisí ceoil an oíche sin.

Chuaigh An Crann Óg i bhfeidhm go mór ar mhuintir na Gearmáine agus chruthaigh siad íomhá bhreá do Ghaoth Dobhair agus ceantar Iar-Thuaiscirt Thír Chonaill as a dtagann siad. Is

cinnte go mairfidh an turas seo tamall fada i gcuimhne Chaitlín agus PJ Joe Jack, na ceoltóirí óga agus iad sin uilig a bhí bainteach leo.

Chuir An Crann Óg deireadh leis an bhliain áit ar thaifead siad clár ceoil do *Mol an Óige* ar Raidió na Gaeltachta.

Idir an dá linn, ar ais sa bhaile ag tús Mí Mheán an Fhómhair,

bhí baill sinsearach an ghrúpa scaipthe ar fud na tíre ag obair agus ar choláistí agus bhí an chuid eile sa bhaile ar scoileanna éagsúla. Lean na ranganna ar aghaidh sa Chrannóg i rith An Gheimhridh agus an chéad ghlúin eile ag foghlaim ceoil agus uirlisí d'achan chineál, ag cinntiú go mbeidh leanúnachas ann i rith an ama.

Smaointe na Míosa

Nuair a bhí an domhan seo ní b'óige, bhí an ghrian ag éirí thiar agus ag dul síos thoir agus ní raibh séasúir ar bith ann. Bhí an Mol Thuaidh fán áit a bhfuil Sliabh Torbert agus Sliabh McKinley in Alaska. Bhí an Mol Íochtarach san fharrage ó thuaidh de Chósta Princess Ragnhild in Antarctica. Bhí go measartha ach ní raibh ró-maith. Isteach leis an Ghealach ansin ag Igarka, Siberia agus sin nuair a d'éirigh an tamhach táisc.

As le Meiriceá Theas a bhí casta in aice na hAfraice; thit an Afraic ansin a bhí ag teacht aníos i ndiaidh na Spáinne. M'anam féin go raibh fios a ghnoithe ag Noah. Tá an Íoslainn ag brúchtaigh go fóill.

Muid féin agus Albain Siar ó Thuaidh ag éirí agus ag titim leis an uisce dhá uair sa lá ar an taobh seo de Ghleann Bheatha agus Gleann Mór Alban.

Bhí siad ag cuartú Atlantis ach ní raibh sé ann. Báid agus eitleáin caillte fá Bermuda agus fir bheaga ag teacht as taobh amuigh den domhan.

Tá muid ag an áit seo agus níl muid ag gabháil áit ar bith eile. Mar a déarfadh mo mháthair, tá Dia ina shuí ar chathaoir agus a chúl linn.

Idir mise agus Dia, cuirfidh an cine daonna deireadh leo féin go fóill. Ach nach cuma? Tá ór i mBealach Féich.

Slán.

—Márm



Bantracht na Tuaithe i nGaoth Dobhair na gcaogaidí

súil siar

Sa seanghrianghráf thuas a tógadh i nGaoth Dobhair sna 1950dí tá baill áitiúla Bhantracht na Tuaithe. Le feiceáil ar chúl ó chlé tá: Gracie (bheag) Mhic Niallais, Mary Dhoimnic Johnnie Uí Ghallchóir, Annie Joe Mhóir Mhic Suibhne, Máire Ní Dhuibhir Uí Bhreisleáin, Rosie Ní Mhaonaigh Uí

Dhuibhir, Mary (bheag) Dhoimnic Uí Dhónaill, Gracie Jack Uí Dhónaill, Bella (John Sheáin) Mhic Aoidh, Nóra (Néill Bhlí) Uí Ghallachóir, Annie (Nic Cóil) Uí Dhochartaigh, Cití (Tim) Uí Dhochartaigh, [2:] Annie Uí Bhriain, Machaire Chlochair, Mamie Chite Bige Na Machaireacha, Mary Hughie Ó Duibhir, (Ní fios cé hí seo), Nurse O'Hara, Neilí (John Thimlín) Uí Bhaoill, Mary (Pheadair Fheilimí) Uí Bhaoill, Florrie Boyd, Fanny (Mhícheáil) Mhic

Cóil. Mary (Jimí Mhóir) Uí Dhónaill, Bidí John Thimlín, Máire Bhlí Mhic Giolla Bhríde, Dorothy Mhic Giolla Bhríde, bunaitheoir Bhantracht na Tuaithe i nGaoth Dobhair. [3:] Nóra (Uí Dhugáin) Uí Churráin, Annie Coyle An Charraige, Caitlín Chite (Dhónaill Charlie) Mhic Aoidh, Mary Joe (Ní Fhríl) Uí Fhearraigh, Úna (Eoin Hiudaí) Mhic Aoidh, Sara (Jack) de Barra, Sadie (Bids) Ní Cholla, Síle Ní Cholla (Owenie Thomáis Bhig)

An bhfuil deireadh le Ré na Reice?

Bhí bean óg ar an altóir ag léamh bhéarsa den Spailpín Fánach, mar a d'iarr an fear sa chónra uirthi roimh dó bás a fháil. Bhí cuid mhaith de spiorad an Spailpín, an réice grámhar úd, ann fhéin: an croí óg aerach lán diabhláochta nár ghéill do phoimp an tsaoil lena cheithre scór bliain, agus an tsúil ghrinn ghreannmhar aorach a chaith sé ar amaidí an tsotail agus na féintábhachta, ina chuid scéalta snoite tráthúla.

Ach arb é an réice deireanach? An bhfuil ógánaigh anois ceangailte isteach sa chóras marfach ag oideachas a mhúchann fiosracht agus splanc an óige ón tús?

Thug an t-amhrán thuasluaite Eoghan an bhéil bhinn chun mo chuimhne, spailpín a maireann a chuid amhrán agus a chuid each-

traithe i seanchas na ndaoine, ón 18ú aois go dtí an lá 'tá inniu ann.

Mhair sé sa chlapsholas staire idir bás an tsean-ord Gaelach agus daingniú an nua-ord Gallda, a mhuintir dí-sealbhaite is cosúil i bhfad roimh am s'aige. Oilte i scoil cois chlaí, bhí sé corruair ina mhúinteoir, corruair ag sclábháocht do fheirmeoirí móra, tráth coinscríofa í gcabhlach Shasana, ach i dtólamh ag scríobh dánta agus ag bréagadh na mban: rud a tharraing go leor trioblóide air ó shagart a chuir an ruaig air amach as a pharóiste, agus ón tiarna talún Nagle, a d'fhostaigh é agus a dhíbir é, mar gheall ar a mhí-iompar leis na mná. An clú céanna air agus a bhí ar an stócach san amhrán: *Ba é paidir na caillí nuair a théinn*

thar an tairseach, 'Now behave yourself, a spailpín fánach'.

Mar a deir dán dá chuid, "Sin agaibh mo theastas ar bheatha gach réice..." agus ceann eile "Is mithid dom féin mo thréithe i gceart do scrúdú." Eoghan bocht, gan neart aige air, é ródheisbhéalach, ró-shúgach, ró-mhealltach, ró-mheanmnach, ró-dhaonna, ró-óg. Dúil aige sa léann, san ól, sa cheol, san aibíocht, sna mná agus san fhilíocht. Thiocfadh leat an rud céanna a rá faoi agus a dúirt Yeats fá Maud Gonno ag maith-eamh di an dochar a rinne sí:

Why what could she have done being what she is?

Was there another Troy for her to burn?

Ainneoin achan rud is laoch é réice dá leithéid i meon na



Colún Nóra Chit

ndaoine. Maithtear dó a lochtanna mar gheall ar a bhuanna, a las an saol le draíocht agus le meidhir lena bheo agus i ndiaidh a bháis le háille na n-amhrán a d'fhág sé ina dhiaidh, nuair a maraíodh é i dtroid, in aois a sé bliana is tríocha, mar gheall ar

aor a scríobh sé.

Sé an rud a fheiceann muid sa réice nó spiorad do-cheansaithe na hóige, sula dtéann sé i gcuing ag cúraimí an tsaoil.

Ach tá an óige ag éirí sean, a fiosracht agus a dúil sa léann, sa litríocht, sa Ghaeilge féin, múchta ag marbhfháisc na hArdteiste, lena nótaí tuire ó intinn leamh éigin, in ionad iniúchadh agus smaoinemh agus machnamh is aoihbinn don fhíor-scoláire. Tá achan ní tomhastá de réir a thairbhe do na margaithe a riarann an domhan anois.

Ach cá bhfios, agus muid dí-shealbhaite ag saint, nach mbeidh níos mó measa ar fhéiniúlacht aerach mhacasamhail Eoghan Rua na ndán is na dánachta. Bocht ina mhaoin, saibhir ina mheon.

Thar an Tairseach

Gearrscéal le Máire Dinny Wren

'AN BHFUIL AON duine eile anseo?'

'Níl ... níl anseo ach mise!'

'Agus cé thusa?'

Seasann Nuala ag an fhuinneog ag amharc amach. Tchíonn sí an tSeisreach agus na réalta ag bruidearnaigh ar Bhealach na Bó Finne. Tá smúid ar an ghealach.

'Cén lá atá ann?' a fhiafraíonn an bhean eile di.

'Dé Luain.'

Dilín ó deamhas, ó deamhas.

Dilín ó deamhas ó dí.

Dilín ó deamhas, ó deamhas, ó deamhas,

Dilín ó deamhas ó dí.

Goirm i gcónaí, i gcónaí

Goirm i gcónaí domh.

Goirm i gcónaí, i gcónaí, i gcónaí

Maidín Dé Luain ab fhearr.

... a deir an bhean eile.

Lá bláth amháin seasann Nuala ag an fhuinneog. Tchíonn sí bláthanna agus féileacáin ildaite fá dtaobh daofa. Tchíonn sí grianán an fhíona a dtig friothamh na gréine ar a chúl. Tchíonn sí fear ag siúl síos an bóthar.

'Tar ar ais,' a deir sí, ach ní chluineann sé í.

'Cén lá atá againn?'

'Dé Máirt.'

*Ar maidín Dé Máirt bhí ábhar mór goil agam féin
Bhí na gloiní ar clár is iad lán amach go dtí an béal
Gach cumann is gach cás, a mhíle grá, a raibh eadrainn
ariamh*

*Mo chúig mhíle slán le do lámh a bhí tharam is nach
mbíonn.*

... a deir an bhean eile.

Seasann Nuala ag fuinneog na cisteanadh ag amharc amach. Níl aon duine ag teacht an bealach mór. Tá marbhán samhraidh ann. Tchíonn sí sméara agus sú craobh ag fás ar bharr na gcraobh. Tagann léaráo de sholas na gréine isteach agus titeann ar na bláthanna atá sa vása. Cluineann sí tic teaic an chloig.

'Cén lá atá againn?'

'Dé Céadaoin.'

*Nuair a d'éirigh mé ar maidín Dé Céadaoin
Níor choisreac mé m'éadan, faraor,
Nó gur bheir mé ar an arm a ba ghéire
Agus chuir mé a bhéal le cloich líomhtha.*

Dá mbeinnse seacht mbliana faoin talamh

Nó i bhfiabhras na leapa 'mo luí

A chéadsearc, dá dtigfeá 'gus m'fhiafraí

Scéal cinnte go mbeinn leat 'mo shuí.

... a deir an bhean eile.

Seasann Nuala ag an fhuinneog. Tchíonn sí madadh doininne sa spéir. Tchíonn sí cár bán ar an fharraige agus cuil nimhneach ar na spéartha. Cluineann sí an ghaoth mhór ag rúidealaigh agus ag béicigh. Tá seacht síon ar an aimsir.

'Cén lá atá ann?'

'Déardaoin.'

A Rí Déardaoin, maith ár bpeacáine do dhein do dhlí a réabadh,

A Rí na hAoine, ná coinnigh cuimhne ar mo dhrochghníomhartha baortha,

A Rí an tSathairn, go síoraí achainím mé a thabhairt thar Acheron chaorthainn,

Faoi dhíon do thearmainn, trí ríocht an Aifrínn, suas go Parthas Naofa.

A Bhanríon oirirc, a Bhanríon shoilbhir, a Bhanríon sholais na gréine



“Téann Nuala a fhad leis an doras agus ghní iarracht é a fhoscailt ach tá sé faoi ghlas. Téann Nuala a phóirseáil, a rútaíl, a shéirseáil. Tiontaíonn sí an teach bun os cionn. tá sí ar lorg eochrach. níl fáil uirthi.”

*Ní haon tsaibhreas atá uaim uaitse, ach leigheas ar
dhochar mo phéine
Na sluaite borba a bhí ag gabháil ormsa is rug im'
chodladh orm tréimhse,
Cuir cogadh orthu mar churadh cosanta is tabhair ón
ghoradh Lá an tSléibhe mé.*

... a deir an bhean eile.

Suíonn an bheirt bhan ag an tábla. Itheann siad arán. Ólann siad tae. Éisteanann siad leis an nuacht. Cogáil, gortaí, tuilte, tubaistí. Taobh amuigh den fhuinneog tá spideog bhroinn-dearg ar chraobh ag gabháil cheoil. 'Nach méanar duit?' a deir Nuala.

Téann sí chuig an fhuinneog agus ghní sí iarracht é a fhoscailt ach ní féidir léi. Tá sí faoi ghlas.

'Cén lá atá ann?'

'Dé hAoine.'

*Triallfaidh mo thórramh tráthnóna Dé hAoine,
Agus ar maidín Dé Domhnaigh fríd na bóithre os íseal,
Tiofaidh Neilí agus Nóra agus ógmhá na tíre,
Is beidh mé ag éisteacht lena nglórtha faoi na fóide is mé
sínte.*

... a deir an bhean eile.

Téann Nuala a fhad leis an doras agus ghní iarracht é a fhoscailt ach tá sé faoi ghlas. Téann Nuala a phóirseáil, a rútaíl, a shéirseáil. Tiontaíonn sí an teach bun os cionn. tá sí ar lorg eochrach. níl fáil uirthi.

'Cén lá atá againn?'

'Dé Sathairn.'

Faoiseamh a gheobhadsa

Seal beag gairid

I measc mo dhaoine

Ar oileán mara,

Ag siúl cois cladaigh

Maidín is tráthnóna

Ó Luan go Satharn

Thiar ag baile.

... a deir an bhean eile.

Seasann Nuala ag an fhuinneog. Tá saighneáin sna glinte agus tagann gach dealramh isteach ar an fhuinneog go for-mhothaithe mar bheadh cuimhne nach raibh sásta a ghabháil chun dearmaid. Tá a samhailteacha mar bheadh tonnta móra ann ag neartú

agus ag búirthigh i dtús doininne.

'Cén lá atá ann?'

'Dé Domhnaigh.'

*Ní fheicim bádaí 'gabháil an barra,
Ní fheicim daoine amuigh ag snámh,
Ní fheicim slóite Domhnach Earraigh,
Síos fán Bháinsigh mar ba ghnách.
D'imigh an spórt as Tóin an Bhaile,
D'éag an seandream a bhí sámh,
Mo chumhaidh 'na ndiaidh nach mór a' chaill é
Iad bheith scartha uainn mar tá.*

... a deir an bhean eile.

'An bhfuil aon duine eile anseo?' a deir an bhean eile.

'Níl ... níl anseo ach mise?'

'Agus cé thusa?'

Tógann Nuala an casúr. Siúlann sí a fhad leis an doras. Tosaíonn sí a bhualadh buillí ar an doras le hiomlán a cuid urraidh. Déanann an bhean eile iarracht í a stopadh. Ach coinníonn Nuala uirthi.

Briseann sí an doras anuas.

'Slán leat,' a deir Nuala.

'Cá bhfuil tú ag gabháil?' a deir an bhean.

'Níl mé cinnte,' a deir Nuala.

'Mo chúig chéad slán leat,' a deir an bhean eile.

*Siúlaim as an smionagar, céim ar chéim,
Leanaim rian na réalta Bealach na Bó Finne siar.
Manrán an tsrutháin is drandán na mbeach meala
Is ceiliúr na céirsí 'mo chomórath sa tslí.*

*Déanam mo bhealach fríd chríocha aineolach'
As scáth an tsléibhe go ciumhais na trá.*

M'intinn chomh suaite le muirn na dtonn

Faighim faoiseamh i bhfaoil-cheol na mara tráth.

Glór nach n-aithním le loinneog cheolmhar


Ag baint macalla as na beanna 's ag ardú mo chroí.

Teannann téada mo ghutha le focail mo mheanma

Is le bé na héigse 'mo threorú téim mo bhealach féin.

● As Cois Cláidí i nGaoth Dobhair do Mháire Dinny.

Chaith sí tréimhse fhada dá saol i Londain. Phill sí go hÉirinn i 1999 agus tá sí ar ais ina cónaí i gCois Cláidí le cúpla bliain. Tá cnuasacht filíochta scríofa ag Máire dar teideal Ó Bhile go Bile a d'fhoilsigh Coiscéim i 2011 agus bhuaigh sí com-órtas filíochta Uí Néill leis an dán *Lúb ar Lár* sa bhliain chéanna. Tá go leor de chuid filíochta agus gearrscéalta Mháire curtha i gcló in irisleabhair Ghaeilge le blianta anuas agus i 2010 bhain gearrscéal léi, *Ag Téarnamh chun Baile*, duais Fhoras na Gaeilge ag Féile Litríochta Lios Tuathail. Tá sí mar bhall bunaidh de Chiorcal Scríbhneoireachta Ghaoth Dobhair. Cuireadh an gearrscéal *Thar an Tairseach* i gcló sa chnuasacht *Go dtí an Lá Bán* a d'fhoilsigh Éabhlóid agus An Ciorcal Scríbhneoireachta in 2012.



An Grá

Níor thug mo shúil aire dhuit

An lá dá bhfaca thú

I bhfiántas cnoic is farraige

Is níor thug mo chroí taitneamh duit

An lá úd gur labhair tú liom

In aonphub an tsráidbhaile

Ach chnap sé im ucht le huafás

Mar urchar ón ndorchadas

Do bhuail sé liom go dearfach

Gurb í sin uair mo chinniúna

Chonaic mé mo chuid físeanna

Mar chapail mire ar theitheadh uaim

Is ar an ród ag cúngú romham

Bhí Sasanach amascaí imeallach

Ag faisnéis domh go soineanta

Beag beann ar mhéid mo thubaiste

“Tá leabhair agam a thaitneadh leat...”

Nóra Ní Ghréacháin

Seo an t-am le do chuid curadóireachta a phleanáil

Faoin am seo den bhliain agus leis an aimsir a bhí againn le mí anuas, níl mórán le déanamh taobh amuigh ach a bheith ag ullmhú fá choinne an earraigh agus am plandála. An mhí seo caite mhínigh mé an dóigh chun an talamh a leasú ach anois an t-am le bheith ag smaoineamh ar cén cineál plandaí a ba mhaith libh a bheith ag fás sa ghairdín i mbliana.

Caithfidh tú smaoineamh ar cén cineál glasraí a ba mhaith leat féin agus do theaghlach a ithe. Níl mórán pointe kohlrabi a fhás mura bhfuil a fhios agat caidé le déanamh leis sa chistin, fosta níl ciall ar bith cúirséid a fhás muna bhfuil duine ar bith ag iarraidh iad a ithe. Mar sin, is é rogha pearsanta do gach duine an cineál glasraí a ba mhaith leo a fhás. Ach rud tábhachtach amháin, caithfidh tú smaoineamh ar phlandaí atá measartha dúchasach don tír seo.

Bíonn treoracha fáis ar na paicéid síolta seo ach níl iontu ach rialacha ginearálta agus mar sin seo leabhar iontach maith chun comhairle a thabhairt do gharraíodóir ar bith, *Vegetables For the Irish Garden* le Klaus Laitenberger. Seo leabhar iontach maith atá dírithe ar fhás glasraí san iar-thuaisceart. Ar chúl gach paicéad síolta bíonn eolas ar cén uair chun na síolta a chur, iad a thógáil agus mar sin de. Tá tuiscint ar leith ag Klaus ar aeráid an taobh seo tíre agus tá eolas ar dóigh sa leabhar seo

Blag na mBuataisí

faoi seo, mar shampla: *"The traditional sowing date for parsnips is early spring. It says on the back of the seed packet to sow between February and March. I can guarantee that you will have absolutely no success if you stick to that".*

Posta, tá rogha agat síolta a chur no plandaí a cheannacht ó ionad garraíodóireachta níos moille sa tséasúr. Cinnte, tá i bhfad níos mó oibre le síolta a chur ach bíonn rogha níos fearr agat agus thig leat cineáil éagsúla a phiocadh. Muna bhfuil mórán eolais agat air seo, labhair le duine atá i mbun fás glasraí le tamall agus gheobhaidh tú léir comhairle ar cén cineál plandaí le cur, agus b'fhéidir níos tábhachtaí, cén cineál gan a chur. Comhlacht maith atá ag iarraidh plandaí dúchasach a shábháil sa tír seo is ea Irish Seed Savers. D'éirigh go hiontach leo seo a dhéanamh le cúpla bliain anuas agus tá siad ag dul o neart go neart. Tá suíomh maith acu agus is féidir síolta a cheannacht óna suíomh irishseedsavers.ie.

Agus ag caint ar ghlasraí agus leis an aimsir fhuar, seo oideas fá choinne sú deas le tú a choinneáil te; Sú le macáin dearga agus sinséar.

Sú macáin dearga agus sinséar

2 oinniún mionghearrtha
2 cainneann gearrtha
2 chraobh shoilre, gearrtha
800g macáin dearga
2 ionga gairleoge, mionghearrtha
2 phíosa sinséar, ghrátáilte, iad thart fá saghas d'ordóg, ghrátáilte
1 práta, díslithe
1 taespúnóg garam masala
1 taespúnóg púdar curaí
800ml stoic sicín no glasraí bainne cnó cócóc, más mian leat



Déan sauté ar na cainneana, oinniún agus soilre sa sásan in ola olóige go dtí go mbíonn siad bog. Cuir na macáin dearga, sinséar, gairleog, púdar curaí agus garam masala isteach fosta ar feadh cúig bhomaite ar teas íseal. Ansin doirt isteach an stoc agus lig dó a bheith ag suanbhruith go dtí go mbíonn na macáin bog. Measc an sú sa cumascóir agus cuir ar ais ar an teas é, cuir salann agus piobar air chun blas a chur air. Más mian leat, thig leat braon don bainne cnó cócóc a chuir isteach ann fosta.

Le gach rud ag baint le cócaireacht, bí i gcónaí ag blaiseadh do cuid bia fhad is a bhíonn se ag cócaireacht; má bhíonn tú ag iarraidh níos mó salainn, piobar, púdar curaí agus mar sin a chur leis, thig leat.

—Bee na mBuatais

Goitse na nÓg

Bhfuil an dán bheag seo agaibh?
Ceolaigi é ar Oíche Fhéile Bhríde:

Gabham molta Bhríde

Gabham molta Bhríde,
Ionúin í na hÉireann,
Ionúin le gach tír í,
Molaimis go léir í.

Lóchrann geal na Laighneach.
'Soilsiú feadh na tíre,
Ceann ar óghaibh Éireann,
Ceann na mban ar míne.

Tig an geimhreadh dian dubh
'Gearradh lena ghéire;
Ach ar lá 'le Bríde
Gar dúinn Earrach Éireann.

Crosóga Bhríde

Bíonn cuid mhór daoine ag déanamh Crosóga Bhríde ag an am seo den bhliain. Má dhéanann sibh ceann, cuir griangraf chuig eolas@goitse.org agus seans go mbeidh do phictiúir sa chéad eagraan eile.



Crann cosanta an choill

Coll

Corylus avellana

*Caerthann fid na ndruid,
loisce caemchrann na gcaer,
Seachain an fid fann,
ná loisc an coll caem.*

—Ó Laoi Iubhdan

In Éireann fadó dá mbeadh duine chun bheith mar bhall de na Fianna bheadh air a ghaisce a chruthú (agus a chumas filíochta). Ceann de na trialacha ná go mbeadh an té ábalta cosaint in éadan naoi ngath caite leis, gan aige ach sciath agus slat coill, agus é i bhfostú i bpoll.

Ceannaire na bhFian féin a ghnóthaigh cumhacht intinneach tré an Bradán Feasa a bhlaiseadh; ach is ó choillchnó a ithe a fuair an bradán na tréithe speisialta: inspioráid, eolas, críonnacht.

Bhí draíocht agus brí ar leith luaite le coll riamh agus téann seo níos faide siar nuair a shroich na chéad daoine an tír seo. Deich míle bliain ó shin bhí coll flúirseach, forleathan agus sheas an crann beag amach ó thaobh tábhacht do dhaoine.

Tá cothú fiúntach sna cnónna idir saill, próitéin, carbaihiodráit agus mionchothaithe eile. Agus, fosta, le féidearthacht iad a stóráil ar feadh tréimhse fada bhí collchnónna mar pháirt mhór den bheathú daonna ar an oileán seo ó thús.



Chomh maith leis an chothú bhí adhmaid coill, go háirithe na slata, in úsáid mar ábhar chaolaigh chun tithe, sconsaí, potaí eascainne agus cliabh curaí a dhéanamh. Bhí nós ann le fada crainn coill a ghearradh go talamh mar roschoill: sé sin go bhfásfaidh slata fada díreacha ón stocán le féidearthacht iad a athghearradh arís is arís.

Is mar gheall ar a mhórtábhacht a bhí an oiread béim curtha ar an chrann nó tom seo. Sna sean-dlíthe, bhí sé rangaithe mar cheann de uaisleacht na coille (Airig fedo) ar mhaithe a chnónna agus slata (a mes agus a cháel).

Bhí draíocht luaite leis agus cosaint ón drochrud.

Tá slaitín coill go fóill in úsáid i mbun collóireachta nuair a dhéantar iarracht ór nó uisce

atá faoi thalamh a aimsiú le treoir ó ghabhlóg coill.

Cé nach bhfuil an coll chomh coiteanta is a bhí, tá sé ag fás ar fud na tíre agus déanann sé ionradh gasta ar ghoirt atá tréigtha ó thaobh talmhaíochta de. Tá sé ag bagairt ar an ghnáthóg shainiúil i gCondae an Chláir, an Bhoireann.

Beidh an crann seo faoi bhláth go luath. Cé go mbriseann na caitíní fireann amach san fhómhar ní bhíonn iontu ach bachlóga beaga glasa go dtí teacht an earraigh nuair a leathnaíonn said. Is ansin atá na caitíní fada buí crochta ar bharr na ngéaga.

Níl na bláthanna bainneann le feiceáil ach tré mion-scrúdú.

Tá siad cosúil le bachlóga beaga ach go bhfuil stiogmaí glédhearg ag gobadh astu.

Tar éis toirchithe, tagann na cnónna as na bláthanna seo.

Bíonn an collchnó a fhásann ar an chrann dúchasach measartha beag ach tá roinnt maith saothróg (cultivar) ann le torthaí níos mó. Agus tá coll mór *Corylus colurna* ag fás sa Tuirc. Is í an tír sin a tháirgeann 75% de chollchnónna ar an margadh domhanda.

Ar na mallaibh fuarthas amach go tairgeann an coll paclitaxel, go dtí sin nach raibh aimsithe ach i gcrainn iúr. Tá an cumasc ceimiceach seo in úsáid in éadan ailse.

—Conall Mac Conn Mire

Focla Mhicí

le Micí Whiting Mac Aoidh

Smailc: bhain sé smailc as a phíopa.

Súóg: smál a bheadh ar chupa; tá suág ar an chupa.

Sceifleach: girseach a bheadh ar bharr na gaoithe, dá dtiocfaí í a smachtú.

Fágálach: duine nach bhfuil iontach láidir ... níl brí ar bith ann leis an ghnáth obair a ghníonn daoine a dhéanamh

Crabhcaí: duine nach bhfuil iontach mór. 'Níl ionat ach crabhcaí beag seanaimseartha.'

Cringleach: bó mhór gharbh agus na cnámha ag teacht amach fríd a craiceann ... is cuma caidé a gheobhas sí le ithe. Ní thig sciúnach (go mbeadh cuma dheas líonta amach uirthi, bheadh craiceann deas uirthi) ar bith a chur uirthi.

Gné: duine a bhfuil gné mhaith air ... tá craiceann mhaith air ar an duine sin.

I do shuí ar do ghogaide: i do shuí ar do dhá ghlúin.

Préasán: thug sé préasán duit ... rud inteacht a bhí sé féin le caitheamh amach.

Suaithníocht: dá mbeadh teas millteanach ann ... shúfadh sé amach an bhrí uilig atá ionat ... iontach marbhánta ar fad. Tá suaithníocht mhillteanach sa teas ann ... tá sé marbhánta.

Plíútáil: ag cúlchaint ar dhaoine i gcogarnáil íseal.



Bíonn Micí Whiting Mac Aoidh ina aoi ar an chlár Rónán Beo@3 ar Raidió na Gaeltachta gach Máirt. Tá Goitse buíoch do Mhicí, do Rónán agus do fhoireann Raidió na Gaeltachta as cead na focla seo a chur i gcló.

Gabhach: potaí ar thine mónadh; cineál súiche ata ann ... gabhach an phota.

Ceann créagach dubh: ceann cuirlíneach (difriúil do chatach – wavy)

Mantach: duine a bheadh doiligh a tuigheáil – mantach ag caint, doiligh a tuigheáil (nó spás mór idir na fiacla ...

nach dtiocfadh an chaint leis mar is ceart).

Múta: sin seantithe ceann tuí – d'imeodh cuid den mhuiríneach ... d'imeodh sí ina dusta, ina créafóg ... tá múta trom ar an teach ... meáchan mór ar dhíon an tí ... go súfadh sé an t-uisce.

Sacán: caoirigh a d'imeodh an ollann daofa

... cineál clibíneach, fite agus ceangailte istigh ina chéile. Bhí sé cosúil le scráith ... maol ach clibíní olainn le feiceáil (thig le clibíní a bheith i nduine fosta, muna bhfuil sé ag cíoradh a chinn.

Gearr-úisc: éan mara atá iontach beag ar fad ...beo ar am iascaireachta bradáin ...bheadh an ghearr-úisc le feiceáil ag ól an ola ar bharr an uisce...ola an bhradáin nó iasc ar bith...beo ar ola an éisc.

Modhúil: paiste ata modhúil- paiste ata iontach suaimhneach – deir siad múinte modhúil- suaimhneach agus múinte ...

Aithrí: sé a aithrí é ...cha mbeadh truaighe ar bith fána choinne...sé a aithrí ..go raibh sé ró mhaith aige ..go raibh sé tuillte aige.

Go formhothaithe: duine a dhéanfas a ghnoithe go formhothaithe ... nach mbíonn a fhios ag aon nduine a ghnoithe ach é féin ... bhí an mhóin cróigthe go formhothaithe agat (croig do chuid mónadh go formhothaithe) – príobháideach.

Sceamhóg: bhainfeá sceamhóg as duine – dá mbainfeá greim as duine mar spraoi).

Leibín: focal mór do chuid Thoraigh ... dá mbeadh siad ag iascaireacht ... bolg an ghlásáin mhóir ... ghearrfadh siad amach baoite leis ... bheadh sé iontach cosúil le iasc a bheadh beo ... fá choinne a bheith ag iascaireacht. Na héisc aba mhó: trosc (cod), glasáin mhóra (níos faide ná an trosc), deargóg (pollock), balláin (wrasse), liúdair (níos mó ná an glásán).

Crabhcaí: duine nach bhfuil iontach mór. Níl ann ach crabhcaí beag seanaimseartha...

Cosain do chuid giúrléidí ar víris ríomhaireachta



Andy Caomhánach

An bhfuil gléasanna ríomhair-eachta nua faighte agat thar an Nollaig? Tá chuile seans go bhfuil líon ard teaghlach le fón póca nua, ríomhaire nua nó tablíd nua ó tháinig Daidí na Nollag ar cuairt!

An bhfuil frithvíreas agat leis an ghléas seo a chosaint? Muna bhfuil cosaint de chineál éigin agat ag feidmiú ar na gléasanna seo ní féidir a bheith cinnte nach bhfuil oibríochtaí rúnda ag tarlú sa chúla.

Go traidisiúnta, bhí víreas ríomhaireachta scríofa le ríomhaire a scrios agus a chur as feidhm. Tá an modh sin ag imeacht anois. An chuid is mó den am, bíonn víreas ag fanacht

i bhfolach sa chúla ag cruinniú sonraí pearsanta an úsáideora agus ag seoladh na sonraí sin ar ais chuig haiceálaithe le gur féidir leo na sonraí a úsáid go mídhleathach. Níl sé costasach do chuid trealamh ríomhair-eachta a chosaint in aghaidh víreas, péisteanna, bogearraí mailíseacha, traíoch agus earraí spiaireachta.

Ríomhaire Pearsanta

Is é an ríomhaire pearsanta an gléas teicniúil ar a dtarlaíonn an méid is mó ionsaithe ó haiceálaithe. Ag aon am ar leith bíonn víreas ar níos mó ná 30% de na ríomhairí ar domhan. An phríomhchúis leis seo ná go bhfuil an chosaint frithvíreas as dáta. Níl costas ard ar do ríomhaire a chosaint agus minic go leor is féidir gléasanna digiteacha a chosaint gan costas ar bith. Mas rud é go bhfuil ríomhaire Windows agat is féidir Microsoft Security Essentials a íoslódáil saor in aisce ó www.microsoft.ie le cosaint a chur ar fáil don ríomhaire. Tá sé



tábhachtach an pacáiste sin a nuashonrú go rialta thar an idirlíon. Is féidir seo a sceidealú le tarlú uair sa lá nó uair sa tseachtain. Tarlaíonn an nuashonrúchán seo sa chúla agus ní chuireann sé isteach ar gháthoibríochtaí an ríomhaire.

Tá pacáistí eile ar fáil saor in aisce chomh maith ar nós Avast www.avast.com. An buntáiste le Avast ná go n-oibríonn sé ar Windows agus Mac OS. Is féidir é a íoslódáil ón idirlíon agus á úsáid taobh istigh de cúpla nóiméad.

Is smaoineamh maith atá ann balla dóiteáin (Firewall) a bheith ag feidmiú ar an ríomhaire chomh maith. Rogha maith saor in aisce ná Comodo Firewall

(personalfirewall.comodo.com). Deanfaidh an pacáiste seo an ríomhaire a chosaint in éadan ionsaithe ón taobh amuigh agus tá sé i bhfad níos láidre ná an balla dóiteáin a thagann leis an ríomhaire.

Tá sé tábhachtach nach mbíonn barraíocht frithvíreas ag obair ar an ríomhaire ag an aon am amháin agus mar sin, moltar pacáiste frithvíreas amháin a phiocadh. Má tá níos mó ná pacáiste amháin ag obair ar an ríomhaire éireoidh an ríomhaire mall.

Tablíd/Fóin

Tá i bhfad níos mó daoine ag baint úsáide as tablíd agus fóin phóca ná mar a bhí blianta ó

shin. Tá sé tábhachtach na gléasanna seo a chosaint chomh maith. Bíonn an-chuid sonraí pearsanta á stóráil againn ar an fhón agus an tablíd ar nós teagmhálaithe, ríomhphoist, líonraí sóisialta, féilire agus go leor eile. Ní bheadh duine ar bith ag iarraidh go mbeidh rochtain ag daoine ar na sonraí seo.

An pacáiste frithvíreas is fearr do ghléasanna Android ná Comodo Mobile Security and AntiVirus. Tá an pacáiste seo saor in aisce agus ar fáil ón Google Play Store (play.google.com).

An pacáiste is fearr atá ar fáil do gléasanna Apple nó iOS ná Lookout Mobile Security. Arís tá an ceann seo saor in aisce agus cuireann sé cosaint iomlán ar fáil don iPhone nó iPad. Is féidir é a fháil san Apple App Store.

Bí cúramach le sonraí pearsanta

Ba chóir duit bheith airdeallach má iarrtar ort do chuid sonraí pearsanta a líonadh isteach in aon suíomh idirlín nó aip. Is é an bealach is sábháilte le díol as rudaí ar líne ná trí PayPal.

Is féidir éisteacht le mír ríomhair-eachta Andy (Fear na Ríomhairí) Caomhánach gach maidin Dé Céadaoin ar Barrscéalta, RTÉ Raidió na Gaeltachta. Is féidir níos mó scéalta faoin teicneolaíocht a leanúint ar a leathanach Twitter www.twitter.com/andyaomhanach

Spiorad na drámaíochta á cothú ag ceardlann Chomharchumann Ghaoth Dobhair

Bhí sé le feiceáil go soiléir ag an deireadh seachtaine seo caite, go bhfuil spiorad agus féith na drámaíochta beo beathaíoch i nGaoth Dobhair, agus an tallann ann len í a chothú! Reáchtáil Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair, le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta ceardlann i Léiriú Drámaíochta sa Chrannóg, faoi stiúir an léiritheora aitheanta stáitse agus teilifíse, Beartla Ó Flaithhearta as Cona-

mara a bhfuil cuid mhór oibre déanta aige ar Ros na Rún chomh maith le go leor eile.

Tá Gaoth Dobhair aitheanta go náisiúnta mar cheantar láidir drámaíochta agus cliú mhór bainte amach ag Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus aisteoirí óga Phobalscoil Ghaoth Dobhair thar na blianta. Ach caithfear i gcónaí fuil úr a ghríosú agus a fhorbairt, agus ó tharla gur cailleadh an léiritheoir stáitse

iomráiteach Tomás Mac Giolla Bhrighde (Tom a' Bhungaló) ag deireadh na bliana anuraidh, bhí sé tráthúil a leithéid de cheardlann a reáchtáil agus d'éirigh go hiontach leis.

Bhí 18 duine i láthair don cheardlann, a mhair dhá lá agus a mbeidh an darna cuid á reáchtáil ar an deireadh seachtaine 1-2 Feabhra. Dúirt Beartla Ó Flaithhearta go raibh "an-fuinneamh agus dáiríreacht ins an ghrúpa!"

"Sílim go mbeidh toradh maith ar an gceardlann, mar tá an-tallann sa ghrúpa. Chuir sé fonn orm féin dhul amach agus dráma a léiriú caol díreach ina dhiaidh", a dúirt Beartla.

Ag tagairt don cheardlann, dúirt Cathal Ó Gallchoir, bainisteoir na Crannóige go raibh an ceardlann iontach spreagúil. "Ghlac mé féin páirt sa cheardlann agus tá mé ag dúil go mór leis an chéad chuid eile. Tá muid

iontach sásta go raibh an oiread sin daoine páirteach agus thug ach an duine 100%. Bhí meascán maith ann fosta, aisteoirí le taithí, léiritheoirí, léiritheoirí teilifíse agus cúntóirí teanga. Agus níos tábhachtaí fós bhí tuismitheoirí ann a bhfuil suim acu an drámaíocht a fhorbairt i measc an aos óg! Bhí spiorad ar dóigh sa ghrúpa, agus thar rud ar bith, cé go raibh ach an nduine i ndáiríre, bhí an chraic maith!"



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Iilmheán



Ar mhaith leat oibriú i dtionscal na teilifíse nó na n-ilmheán?

- Scileanna ceamara, fuaime agus eagarthóireachta
- Trealamh nua-aimseartha den scoth
- Suíomh idirlín a dhearadh agus a chur ar líne

Na Meáin Shóisialta:
Facebook, Twitter agus YouTube



Táillí íoctha

Deiseanna fostaíochta in earnáil le teilifíse (TG4, RTÉ, Ros na Rún, Telegael srl)


Tuilleadh eolais:

(074) 9531919

gaothdobhair@eircom.net

www.acadamh.ie

www.facebook.com/acadamhghaothdobhair



Soilse, ceamara, aicsean!

Mic léinn ón chúrsa Dioplóma i Scileanna Teilifíse agus Iilmheán san Acadamh i nGaoth Dobhair agus iad ag glacadh páirte i dtaithí oibre ar scannánaíocht na sraithe úire teilifíse ón chomhlacht cháiliúil puipéadóireachta Fíbin ar feadh trí seachtaine roimh an Nollaig i Stiúideo Solas i nGaillimh. Grianghraf: Seán Ó Mainnín

Gradaim bronnta ar imreoirí óga Ghaoth Dobhair

Reáchtáil Bord na nÓg CLG Ghaoth Dobhair ócáid bhronnta gradaim sa Chlubtheach i Machaire Gathlán le gairid. Bhí thart ar 200 ógánaigh i láthair don ócáid. B'iad Ciarán Ó Fearraigh, James Mac Suibhne agus Carolanne Ní Chasaide na haíonna speisialta ar an oíche.

Bronnadh gradam ar na foirne ó faoi 8 go faoi 16, idir ghirseachaí agus ghasúirí sa pheil agus san iománaíocht.

Bronnadh duais speisialta ar Sheosamh Mac Aoidh a bhain Craobh an Chontae i Scór na nÓg.

Chuir An Crann Óg ceol ar fáil ar an oíche.



Foireann na nGirseachaí faoi 12



Buaiteoirí iomána faoi 8



Ciarán Ó Fearraigh agus James Mac Suibhne ag bronnadh gradaim ar buaiteoirí faoi 12

Iománaithe óga Ghaoth Dobhair ag Blitz na nGael

Cúpla lá i ndiaidh na Nollag agus ceiliúradh na Féile faoi lán seol go fóill, thug iománaithe óga Ghaoth Dobhair a n-aghaidh ar Mhachaire Fíolta, Co. Dhoire áit ar ghlac siad páirt i mblitz iománaíochta go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Reáchtáil pobal Charn Tochair an blitz chun deis a thabhairt do na h-iománaithe óga gráin cluichí a imirt ach, níos tábhachtaí, deis a thabhairt dóibh an Ghaeilge a labhairt ag ócáid spórtúil.

D'éirigh tharr barr leis an dá sprioc mar ghlac thar caoga páistí páirt sa bhliitz céanna.

Ceithre chlub a bhí páirteach. Carn Tochar, ó CLG Shleacht Néill bunús na himreoirí sin agus Baile na Scríne, dhá



Iománaithe óga as Gaoth Dobhair a ghlac páirt sa Bhlitz Gaelach a reáchtáladh i Co Dhoire ar na mallaibh.

fhoireann as Co. Dhoire. Ghlac CLG Naomh Cholmcille as Oileán an Ghuail, Tír Eoghain agus CLG Ghaoth Dobhair páirt

chomh maith. Páistí ó 6 bliana go 12 a chaith an tráthnóna ag iomáint agus ag déanamh a gcomhrá as Gaeilge.

Tá súil ag na clubanna seo blitz eile a reáchtáil i nGaoth Dobhair thart ar am na Cásca. Beidh cuireadh ag CLG

Mícheál Breathnach, Indreabhán, Conamara, theacht go Gaoth Dobhair don ócáid sin chomh maith.



Ceiltigh faoi 12 Ghaoth Dobhair ar bharr tábla an Iar-Thuaiscirt

Beidh an sraith sacair faoi 12 ag toiseacht arís an deireadh seachtaine seo tar éis sos na Nollag.

Tá 9 gcluiche imeartha ag na foirne uilig anseo san iar thuaisceart agus is iad na clubanna Gaeltachta atá ag déanamh go maith go dtí seo.

Tá Ceiltigh Ghaoth Dobhair ar bharr an tábla agus iad ag imirt scoith peile. Níor chaill siad aon cluiche sa sráith go fóill. Tá foireann iontach láidir acu. Tá beirt acu, Jamie Ó Dochartaigh agus Domhnall Mac Giolla Bhríde ar fhoireann an chontae Faoi 12 agus roinnt imreoir eile

ar fhoireann An Iar Thuaisceart a bheas ag imirt sa 'Foyle Cup' amach anseo.

Tá Gleann Átha Aontaithe sa darna háit faoi láthair. Is é Ciarán Ó Colla, deartháir le Joe Ó Colla a chaith seal le Manchain Aontaithe, an cúl báire atá acu. Seans go mbeidh Ciarán ag

leanstan a dheartháir amach anseo.

Tá roinnt chluiche le himirt go fóill ach tá an cosúlacht ann gurb iad Ceiltigh Ghaoth Dobhair agus Gleann Átha Aontaithe a bheas ag imirt I Sráith na Seaimpíní.

Ach beidh le feiceáil cé acu a

Tábla Faoi 12		
Foireann	Cluichí	Poinní
Ceiltigh Ghaoth Dobhair	9	27
Gleann Átha Aontaithe	9	21
Ruaigirí Chéide	9	15
Clochán Liath	9	7
Gaoth Dobhair Aontaithe	9	6
Gleann an Rí	9	4

bheas ar bharr na sraithe i lár mhí an Mhárta. Thig linn labhairt faoin 'chupa' ansin; cupa a bhain Ceiltigh Ghaoth Dobhair anuraidh. Bhfuil an 'dúbailt' ar an tsúil ag na Ceiltigh óga?

Dinnéir Chinn Bliana CLG Ghaoth Dobhair

Bhí dinnéir chinn bliana CLG Ghaoth Dobhair ar siúl sa Chlubtheach i Machaire Gathlán oíche Shathairn an 18 Eanáir. Oíche cheiliúrtha a bhí ann don scaifte mór a bhí i láthair, thart ar 170 duine ar fad.

Is iad Aogán Ó Fearghail, Comhairle Uladh, agus a bhean chéile na haíonna speisialta ar an oíche.

Bhronn sé Corn agus boinn Chomórtas Peile na Gaeltachta ar fhoireann sinsir na bhfear agus na mban a raibh an bua acu anuraidh i bPort Láirge.

Bronnadh gradam Imreoir na Bliana ar Éamonn Mac Aoidh (Sinsir) agus ar Róisín Nic Pháidín (Foireann na mBan).

Tugadh aitheantas ar leith do Neil Mac Aoidh a bhí ar fhoireann Idirnáisiúnta na hÉireann a d'imir in éadan na hAstráile anuraidh.



Imreoir Ban na Bliana Róisín Nic Pháidín



Mionúr na Bliana Niall Friel ag glacadh le gradam ó Chaoimhín Ó Casaide



Aogán Ó Fearghail, Comhairle Uladh, ag bronnadh gradam ar Éamonn Mac Aoidh